2026/2405

3.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2405 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Deireadh Fómhair 2026

nach leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2127 leis a mhéid a bhaineann le mionathruithe agus athruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol'

(arna thabhairt le fios faoi dhoiciméad C(2026) 7659)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Samhain 2022, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2127 ón gCoimisiún ([2]) rinneadh údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0028430-0000 aige a dheonú do Ecolab Deutschland GmbH maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe táirge ('AST') le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha sin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha nós imeachta le haghaidh na gcatagóirí éagsúla athruithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 8 Lúnasa 2025 chuir Ecolab Deutschland GmbH fógra faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, iarratas ar mhionathrú ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol', dá dtagraítear i dTeideal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Rinneadh taifead den iarratas sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha faoi chás-uimhir BC-EW109476-15. Baineann an mionathrú atá beartaithe ar an údarú sin le táirge nua a chur leis. Mar sin féin, bheadh substaint neamhghníomhach nua sa táirge sin, substaint a bheadh curtha leis d'aon ghnó, agus nach mbeadh i gcomhdhéanamh na fine táirgí bithicídeacha atá údaraithe cheana féin.

(4) Laistigh den iarratas céanna, chuir Ecolab Deutschland GmbH fógra faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, maidir le hathrú riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol', dá dtagraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Is le hainmneacha trádála a chur isteach a bhaineann an t-athrú faoina dtugtar fógra. Tá na trádainmneacha sin nasctha go díreach leis an táirge a bhfuil sé beartaithe é a údarú faoin iarratas ar mhionathrú.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2127 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 285, 7.11.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2127/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(5) An 12 Márta 2026, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, maidir leis an mionathrú a cuireadh i bhfeidhm ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol'.

I gcomhréir le Teideal 2, pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, ní fhéadfar a mheas gur mionathrú é substaint neamhghníomhach a chur d'aon ghnó le fine táirgí bithicídeacha lasmuigh den raon údaraithe ach amháin má chomhlíontar coinníollacha áirithe, lena n-áirítear nach n-athrófar airíonna fisiciceimiceacha agus seilfré tháirgí na fine táirgí bithicídeacha.

Sa tuairim uaithi, soiléiríonn an Ghníomhaireacht nach léiríonn na sonraí a chuir an t-iarratasóir isteach go mbeadh na hairíonna fisiciceimiceacha céanna ag an táirge nua atá beartaithe agus atá ag táirgí na fine táirgí bithicídeacha atá údaraithe cheana, toisc go méadaíonn an tsubstaint neamhghníomhach a chuirtear isteach d'aon ghnó slaodacht. Níor léirigh na sonraí ach oiread go gcoinneofaí seilfré údaraithe 4 bliana ar bun fós. Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i dTeideal 2, pointe 2, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 maidir le hairíonna fisiciceimiceacha agus seilfré gan athrú. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur mionathrú é an t-athrú agus ba cheart é a dhiúltú.

(6) Sa tuairim uaithi, a mhéid a bhaineann leis an athrú riaracháin ar tugadh fógra faoi ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol', tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid gur athrú riaracháin é an t-athrú atá beartaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (aa), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 1, Roinn 1, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013. Mar sin féin, ós rud é nach bhféadfadh an Ghníomhaireacht tuairim fhabhrach a thabhairt maidir leis an táirge bithicídeach nua atá beartaithe a chur leis an bhfine táirgí bithicídeacha, mar atá tuairiscithe san iarratas ar mhionathrú, tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nár cheart údarú a thabhairt, ar an gcaoi chéanna, trádainmneacha a chur leis an táirge nua sin.

(7) I bhfianaise an mhéid sin, ní iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol' a leasú chun na mionathruithe agus na hathruithe riaracháin a d'iarr Ecolab Deutschland GmbH a thabhairt isteach.

(8) Dá bhrí sin, níor cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2127 a leasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2127.

Airteagal 2

Is chuig Ecolab Deutschland GmbH, Ecolab Deutschland GmbH, Ecolab Allee 1, 40789 Monheim am Rhein na Gearmáine a dhírítear an cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

([4]) Tuairim ó Choiste um Tháirgí Bithicídeacha ECHA maidir leis an mionathrú ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bhithicídeacha 'Ecolab UA BPF 1-Propanol' ECHA/BPC/527/2026 an 12 Márta 2026 https://echa.europa.eu/opinions-on-applications-for-changes-of-union-authorisation.